# Buaiteoir Breá ag 'Baffle'



*Feictear* ***Margaret Hickey*** *ag bronnadh duais ar* ***Seán Ó Flannagáin*** *le haghaidh an dán 'Lorg Méire' a chum sé…* ***Declan O'Brien*** *mar fhear a' tí sa phuilpid.*

Ba mhaith le *'Gaeilge Locha Riach'* comhghairdeas a ghabháil le *Coiste 'Baffle'* agus an 12ú féile ceiliúrtha acu i mBaile Locha Riach ar na mallaibh. Gan amhras, a bhuíochas le *Foras na Gaeilge*, bhí na gnéithe gaelacha go mór chun tosaigh arís san fhéile.

Tugadh ónóir do **Mhicheál Ó Muircheartaigh** le ***Féile Baffle '08*** a sheoladh go hoifigiúil. Thóg sé an lucht éisteachta ar bhóithrín na smaointe agus é ag tagairt do théama filíochta na bliana: *'An Chéad Uair'*.

Roghnaíodh an téama seo i gcuimhne réamhchruinniú a bhí ag **Micheál Ó Cíosóg** i mBaile Locha Riach 15 Lúnasa 1884 agus é ag beartú *Cumann Lúthchleas Gael* a bhunadh.

An oíche céanna, chas **Róisín Elsafty** roinnt amháin fileata agus an lucht éisteachta curtha faoina draíocht aici lena glór binn séimh.

Bhí an chomórtas filíochta bunaithe ar an téama thuasluaite agus rannóga ar leith ann dírithe ar scoláirí is ar dhaoine fásta. Cuireadh *fáilte Uí Cheallaigh* roimh an fhile, **Simon Ó Faoláin** agus é ag léamh ina stíl aitheanta féin as an chnuasach '*Anam Mhadra'* a foilsíodh i mbliana. D'fhan sé thar dheireadh na seachtaine agus é ar dhuine de na moltóirí ar an phríomhchomórtas.



***Siún Uí Dhomhnaill**, urlabhra Choiste 'Baffle' i gcuideachta leis an fhile **Simon Ó Faoláin** a thug cóip dá chnuasach 'Anam Mhadra' di.*

Agus, ag tráchta ar an phríomhchomórtas ba mhaith le *'Gaeilge Locha Riach'* comhghairdeas speisialta a chur roimh **Seán Ó Flannagáin** a bhuaigh an dara duais lena dhán *'Lorg Méire'*. Anuraidh, tógadh an tríú duais dó ... ní fios cad a bhéas i ndán dó an bhliain seo chugainn!

Dúirt **Siún Uí Dhomhnaill**, urlabhra Baffle, go raibh an coiste iontach sásta leis na himeachtaí gaelacha i mbliana, go raibh fás nach beag tagtha ar líon na ndánta i nGaeilge agus gur iontach an rud é go raibh aitheantas cuí tógtha do litríocht comhaimseartha na Gaeilge chomh maith. Ghabh sí buíochas speisialta do *Foras na Gaeilge* as an urraíocht a thug siad dóibh.